Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Nollaig 2025
(OR. en)

15915/25

LIMITE

AVIATION 170
ICAO 52
RELEX 1552

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0314 (NLE)**

PUBLIC

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14227/1/25 REV 1 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (AE) 2023/746 - Glacadh |

1. Rachaidh Cinneadh (AE) 2023/746 ón gComhairle an 28 Márta 2023 lena mbunaítear na critéir agus an nós imeachta chun an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta a bhunú a mhéid a bhaineann le caighdeáin idirnáisiúnta agus cleachtais mholta idirnáisiúnta a ghlacadh, nó a leasú, agus maidir le fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí i ndáil le caighdeáin idirnáisiúnta[1] arna nglacadh in éag an 31 Nollaig 2025.

2. An 6 Deireadh Fómhair 2025, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (AE) 2023/746 a mhéid a bhaineann lena raon feidhme a leathnú agus le síneadh a chur lena thréimhse feidhme agus leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais san Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta.

[1] Cinneadh (AE) 2023/746 ón gComhairle an 28 Márta 2023 lena mbunaítear na critéir agus an nós imeachta chun an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta a bhunú a mhéid a bhaineann le caighdeáin idirnáisiúnta agus cleachtais mholta idirnáisiúnta a ghlacadh, nó a leasú, agus maidir le fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí i ndáil le caighdeáin idirnáisiúnta arna nglacadh (IO L 99, 12.4.2023, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/746/oj)

3. Cuireadh an togra i láthair agus pléadh é ag an Meitheal um Eitlíocht an 10 agus 17 Deireadh Fómhair 2025. Chuir na toscaireachtaí a n-imní in iúl maidir leis an togra, go háirithe i ndáil le raon feidhme an Chinnidh a leathnú chuig na hiarscríbhinní nua a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta, chuig ionstraimí eile de chuid na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta agus chuig fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí le cleachtais mholta. Chuir roinnt toscaireachtaí in iúl go raibh amhras orthu faoina riachtanaí atá an cinneadh nó codanna de.

4. Thíolaic an Uachtaránacht téacsanna comhréitigh a pléadh ag an Meitheal um Eitlíocht an 7 agus an 28 Samhain 2025. Chuir na toscaireachtaí a dtacaíocht fhoriomlán in iúl don téacs comhréitigh a mhol an Uachtaránacht.

5. I bhfianaise an mhéid thuas agus faoi réir a dhearbhaithe ag Coiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an cinneadh a ghlacadh mar a leagtar amach in 15918/25 é (arna athbhreithniú ag na dlítheangeolaithe) i gceann amháin de na seisiúin a bheidh aici amach anseo.

PUBLIC